



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.12.2025
COM(2025) 750 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,
CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA
NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**maidir leis an bplean gníomhaíochta athbhreithnithe de Straitéis Mhacrairéigiúnach
an Aontais le haghaidh Réigiún na nAlp**

{SWD(2025) 403 final}

Clár

1. RÉAMHRÁ	2
2. ÉACHTAÍ NA STRAITÉISE	3
3. AN PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA ATHBHREITHNITHE.....	4
4. COLÚIN BHEARTAIS THÉAMACHA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ FAOIN STRAITÉIS 6	
5. RIALACHAS AGUS CUR CHUN FEIDHME NA STRAITÉISE	8
6. CONCLÚID	10

1. RÉAMHRÁ

Idir 2009 agus 2015, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach cruthú ceithre straitéis mhacrairéigiúnacha de chuid an Aontais Eorpaigh. Trína chur ar a gcumas do thíortha acmhainní a chomhthiomsú agus cur chuige rialachais trasearnála il-leibhéil a ghlacadh maidir le comhar, téann na straitéisí i ngleic le saincheisteanna nach féidir le haon tír aonair aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach ina haonair. Leis na straitéisí macrairéigiúnacha uile, baintear torthaí amach a thacaíonn le haistriú cóir, glas agus digiteach, le forbairt réigiúnach agus le fás réigiúnach. Tá na straitéisí ag feidhmiú go rathúil le breis agus 10 mbliana anuas. Tá an coincheap macrairéigiúnach tarraingteach agus tugann páirtithe leasmhara polaitiúla, poiblí, príobháideacha, acadúla agus sochaí sibhialta ar fud na hEorpa aird mhór air.

Ghlac an Coimisiún Eorpach Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún na nAlp i mí Iúil 2015, arna iarraidh sin do na seacht dtír rannpháirteacha. D'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an Straitéis an 28 Meitheamh 2016. Mar straitéis mhacrairéigiúnach Eorpach, is é is aidhm di úsáid níos éifeachtaí a bhaint as na hacmhainní airgeadais atá ann cheana, comhordú idir institiúidí agus beartaí a neartú, agus feabhas a chur ar an gcomhordú reachtaíochta atá ann cheana.

Tá 80 milliún duine ina gcónaí i réigiún na nAlp (thart ar 15 % de dhaonra iomlán an Aontais) agus cuimsíonn sé 48 réigiún i gcúig Bhallstát den Aontas (an Ghearmáin, an Fhrainc, an Iodáil, an Ostair agus an tSlóivéin) agus dhá thír nach Ballstáit den Aontas iad (Lichtinstéin agus an Eilvéis). Suite i gcroílár na hEorpa, tá líonra láidir cathracha móra, bailte agus sráidbhailte Alpacha ann, rud a fhágann go bhfuil sé ar cheann de na réigiúin is rachmasaí, is tarraingtí, is iomaíche, is nuálaí agus is táirgiúla san Eoraip. Lena ghnéithe uathúla geografacha agus nádúrtha, tá cuid de na hacmhainní uisce is tábhachtaí san Eoraip lonnaithe sa réigiún agus tá sé ar cheann de na tearmainn bhithéagsúlachta is mó ar an mór-roinn. Mar gheall ar a shaintréithe uathúla, tá dúshlán shonracha roimh réigiún na nAlp, ó dhiantionchair an athraithe aeráide – oighearshruthanna atá ag leá, guaiseacha nádúrtha atá ag dul i méid agus timthriallta uisce suaite – go saincheisteanna socheacnamaíocha amhail daonraí atá ag dul in aois, imirce i measc na hóige, agus bonneagar éagothrom.

Is é príomhchuspóir na Straitéise creat a thógáil le haghaidh comhar rialtasach agus neamhrialtasach idir páirtithe leasmhara éagsúla, lena gcothófar cineálacha cur chuige straitéiseacha, tionscadail, líonrú trasteorann agus comhar maidir le príomhábhair ar mhaithe le réigiún na nAlp ina iomláine. I gcás ina bhfuil gá agus suim chomhchoiteann ar fud na nAlp, cuirtear creat ar fáil leis an Straitéis le haghaidh comhar níos fearr.

Dírítear sa phlean gníomhaíochta don Straitéis, a glacadh in 2015, ar dhlúthpháirtíocht fhrithpháirteach a neartú idir réigiúin na nAlp chun feabhas a chur ar tharraingteacht agus ar iomaíochas an réigiúin, chun neamhionannais shóisialta agus réigiúnacha a laghdú agus chun caomhnú agus bainistiú inbhuanaithe a chomhshaoil nádúrtha uathúil a áirithiú. I ndoiciméad bunaidh na Straitéise¹, leagadh amach an bealach i dtreo caidreamh nua idir ceantair uirbeacha, im-cheantair shléibhe, ceantair shléibhe agus ceantair iargúlta, inar díródh ar thrí thosaíocht:

(1) iomaíochas agus nuálaíocht

¹ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún na nAlp, COM(2015) 366 final, An Bhruiséil, 28 Iúil 2015

(2) soghluaisteacht agus nascacht atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus

(3) bainistiú inbhuanaithe fuinnimh, acmhainní nádúrtha agus cultúrtha.

Is mór an t-athrú atá tagtha ar an domhan sna 10 mbliana ó ghlacadh na Straitéise. Tá an t-atmaisféar geopholaitiúil ag éirí níos éagobhsaí de réir a chéile i bhfianaise chogadh foghach leanúnach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, éifeachtaí socheacnamaíocha phaindéim Covid, ar éifeachtaí iad a mhaireann fós, agus dul chun cinn tapa teicneolaíoch. Tá éifeachtaí an athraithe aeráide níos soiléire ná riamh, i bhfianaise tonnta teasa a bheith ag tarlú níos minice, go bhfuil sé measartha neamhchoitianta limistéir a bheith faoi shneachta sa gheimhridh, agus go bhfuil méadú gear tagtha ar an líon tubaistí nádúrtha mar gheall ar bháisteach a bheith níos déine. Leis na dálaí seachtracha nua sin, mar aon le tosaíochtaí agus tionscnaimh nua agus nuashonraithe an Aontais Eorpaigh, amhail an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus Aontas na Scileanna, is gá an plean gníomhaíochta a thabhairt cothrom le dáta agus athmheasúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise chun ailíniú le dúshlán chomhaimseartha gheopholaitiúla agus bheartais an réigiúin a áirithiú. Ina theannta sin, tar éis 10 mbliana de chur chun feidhme, tá forbairt tagtha ar phróisis agus ar struchtúir inmheánacha, agus tá comhlachtaí agus sásraí rialachais nua tagtha chun cinn laistigh den mhacrairéigiún.

Is leagan nuashonraithe athdhírithe den phlean gníomhaíochta tosaigh é an plean gníomhaíochta nua, ina ndírítear ar ábhair a bhfuil tábhacht pholaitiúil agus straitéiseach ag baint leo. Leis an bplean nuashonraithe, tacófar leis an Straitéis aghaidh a thabhairt ar dhúshlán atá ar na bacáin, malartuithe trasteorann agus réitigh le haghaidh réigiún inbhuanaithe rathúil na nAlp a spreagadh.

Sa Teachtaireacht seo, cuirtear an plean gníomhaíochta athbhreithnithe arna tharraingt suas ag na comhpháirtithe straitéise i láthair. Mínítear inti an cúlra, an réasúnaíocht, an méid atá athraithe agus an chaoi a gcumasófar an Straitéis leis an bplean chun aghaidh a thabhairt ar athruithe nua agus ar athruithe amach anseo.

2. ÉACHTAÍ NA STRAITÉISE

Torthaí a bhaint amach maidir le príomhthosaíochtaí an Aontais

Leis an Straitéis, baineadh torthaí dearfacha amach i roinnt réimsí, rud a neartaigh an comhar réigiúnach agus an líonrú faoina trí chuspóir théamacha. Le 10 mbliana anuas, d'éirigh léi tosaíochtaí an Aontais a chur chun cinn sa réigiún, go háirithe rannchuidiú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach Eorpach agus leis an oiriúnú don athrú aeráide agus leis an maolú ar an athrú aeráide. Baineadh é sin amach trí chur chuige trasearnála atá bunaithe ar rialachas il-leibhéil agus ar rannpháirtíocht leathan páirtithe leasmhara. Ina theannta sin, leis an Straitéis cuireadh príomhthionscnaimh an Aontais in oiriúint do riachtanais shonracha an réigiúin.

Ba chloch mhíle mhór é seoladh na Straitéise maidir le hiarrachtaí idirnáisiúnta a chomhordú chun dul i ngleic leis na dúshláin atá roimh réigiún na nAlp. Tá cáil ar an réigiún as a bhithéagsúlacht shaibhir agus as a thórdhreacha cultúrtha bríomhara, agus tá ról ríthábhachtach eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta aige laistigh den Eoraip. Go traidisiúnta, bhí dúshlán ar leith roimh an réigiún, ó leochaileachtaí comhshaoil go héagothromaíochtaí socheacnamaíocha. Ó bunaíodh í, éascaíodh leis an Straitéis tionscadail rathúla trasteorann a chuir feabhas ar chosaint an chomhshaoil, ar fhorbairt bonneagair agus ar chomhtháthú

socheacnamaíoch, agus ar an gcaoi sin stádas an réigiúin mar phríomh-mhacrairéigiún Eorpach a chomhdhlúthú. Leis na hiarrachtaí comhchoiteanna sin, leagadh síos bonn láidir don chomhar, a bhféachtar leis an bplean gníomhaíochta athbhreithnithe tuilleadh forbartha a dhéanamh air.

An Straitéis a Chistiú

Tá sé rithábhachtach an Straitéis a leabú san iliomad foinsí cistiúcháin chun í a chur chun feidhme go rathúil. Chun cur chun feidhme agus úinéireacht éifeachtach a áirithiú ar gach leibhéal, tá sé rithábhachtach cistí a ghairiúil ó fhoinsí éagsúla amhail údaráis an Aontais, údaráis náisiúnta agus údaráis réigiúnacha agus an earnáil phríobháideach. Trí na deiseanna cistiúcháin sin a chomhordú go straitéiseach ar fud leibhéil éagsúla, déanfar an tionchar is mó is féidir a bhaint amach. Go stairiúil, is trí chlár Interreg do Spás na nAlp a cuireadh tacaíocht mhór ar fáil, ach má dhéantar foinsí cistiúcháin a éagsúlú go gníomhach cuirfear tuilleadh feabhais ar raon feidhme agus éifeachtacht na Straitéise. Leis an gcur chuige sin is féidir leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na Straitéise agus dul chun cinn fiúntach a spreagadh.

Ós rud é go nglactar cur chuige réigiúnach sa Straitéis, ba cheart na hionstraimí cistiúcháin uile a bhfuil gné shoiléir réigiúnach ag baint leo a mheas chun tacú leis an gcur chun feidhme, mar aon le hionstraimí téamacha a d'fhéadfaí a úsáid ar bhealach níos éifeachtaí nuair a dhéantar iad a chomhordú ar fud an réigiúin ar fad. Chomh maith le clár Spás na nAlp Interreg, arna maoiniú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, áirítear an méid seo a leanas ar na foinsí cistiúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann: cláir náisiúnta agus réigiúnacha eile arna maoiniú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, ag Ciste Sóisialta na hEorpa Plus agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe. I measc na bhfoinsí cistiúcháin eile a d'fhéadfadh a bheith ann tá cláir théamacha de chuid an Aontais, amhail Erasmus+ agus InvestEU. Ar deireadh, is féidir le hiasachtaí, cothromas agus ráthaíochtaí arna soláthar ag an mBanc Eorpach Infheistíochta a bheith ina bhfoinsí cistiúcháin freisin.

Is iad údaráis bhainistíochta chláir an Aontais príomh-chomhpháirtithe pháirtithe leasmhara na Straitéise. Dá bhrí sin, tá 'idirphlé airgeadais' idir feidhmeoirí straitéise agus riarthóirí clár rithábhachtach má tá siad lena riachtanais faoi seach a thuiscint agus a ailíniú. Sa chomhthéacs sin, chuidigh Líonra Idirphlé Airgeadais na Straitéise le gníomhaíochtaí na Straitéise a nascadh leis an gcistiú atá ar fáil trí idirphlé a chur chun cinn agus trí fheabhas a chur ar mhalartú faisnéise idir na comhlachtaí atá freagrach as deiseanna cistiúcháin a bhainistiú.

3. AN PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA ATHBHREITHNITHE

Leis an bpróiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean gníomhaíochta, cuireadh i dtábhacht an gá aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua nó ar dhúshláin atá níos práinní agus fíis níos dírithe a fhorbairt chun an Straitéis a chur chun feidhme agus cur chuige níos córasaí a ghlacadh chun feabhas a chur ar úinéireacht agus ar fheasacht ar an Straitéis i measc na dtíortha rannpháirteacha uile. An tráth céanna, aithníodh an gá atá le leanúnachas leathan i ndáil le colúin bheartais théamacha agus gníomhaíochtaí na Straitéise.

Tá réigiún na nAlp buailte go dona ag an athrú aeráide. De dheasca na dteochtaí atá ag ardú, tá oighearshruthanna ag leá, rud a mhéadaíonn an baol go mbeidh guaiseacha nádúrtha ann amhail maidhmeanna sléibhe agus sciorthaí talún. Déanann na hathruithe sin difear do thimthriall an uisce agus cuireann siad an bhithéagsúlacht, an chobhsaíocht eacnamaíoch agus an tsábháilteacht i mbaol, agus bíonn iarmhairtí acu ní hamháin do réigiún na nAlp ach do thíortha iarthachtacha freisin. Ina theannta sin, tá gá le hidirghabhálacha machnamhacha le haghaidh saincheisteanna socheacnamaíocha amhail daonra atá ag dul in aois, imirce daoine óga amach as ceantair thuaithe agus éagothromaíochtaí sa bhonneagar agus sa nascacht. Cuireann an bhearna dhigiteach leis na dúshláin sin a thuilleadh, rud a chruthaíonn gá le bonneagar teicneolaíoch feabhsaithe agus litearthacht dhigiteach chun forbairt chothrom a áirithiú.

Mar fhreagairt ar na dúshláin sin, leagtar síos sa phlean gníomhaíochta athbhreithnithe spriocanna cuimsitheacha chun athléimneacht, nuálaíocht, cuimsiú agus rialachas inbhuanaithe a chothú ar fud an réigiúin.

Ó bhí 2023 ann, tá tíortha rannpháirteacha agus an Coimisiún ag obair le chéile ar bhealach il-leibhéil comhordaithe chun plean gníomhaíochta athbhreithnithe a chur le chéile ina gcuirtear san áireamh na forbairtí geopholaitiúla agus beartais ó tarraingíodh suas an Straitéis den chéad uair. Léirítear sa phlean gníomhaíochta athbhreithnithe freisin na ceachtanna a foghlaimíodh agus an Straitéis á cur chun feidhme thar na blianta agus áirítear ann athruithe ar rialachas agus ar bhainistiú na Straitéise a tugadh isteach le 10 mbliana anuas.

Mar thoradh ar an obair sin, tá an plean gníomhaíochta athbhreithnithe a ghabhann leis an Teachtaireacht seo, a léiríonn ar bhealach níos cruinne riachtanais agus deiseanna an réigiúin agus lena soláthraítear creat níos láidre a chuirfidh ar a gcumas do na tíortha rannpháirteacha oibriú le chéile ar bhealach níos éifeachtaí chun aidhmeanna na Straitéise a bhaint amach.

Cad atá nua ann?

Cuireann an plean gníomhaíochta athbhreithnithe leis an leagan roimhe seo leis an dá phríomhathrú seo a leanas:

a) Cur chuige **miseanbhunaithe**, arb é is aidhm dó dul i ngleic le dúshláin mhóra atá ábhartha ar fud na nAlp trí chuspóirí uailmhianacha ach réalaiócha a leagan síos agus tríd an stiúradh polaitiúil agus an infheictheacht is gá a sholáthar chun an Straitéis a chur chun feidhme. Ceaptar misin chun sineirgí a éascú agus naisc níos fearr a chur chun cinn idir gníomhaíochtaí agus tionscadail i réimse ar leith. Bíonn baint níos dlúithe acu leis an leibhéal polaitiúil trí rapóirtéir misin a ainmniú, polaiteoir tofa arna cheapadh ag an gComhthionól Ginearálta. Agus aidhmeanna trasnaí á saothrú acu, is féidir tionscadail agus tionscnaimh a bhraisliú thart ar sprioc amháin, rud a neartaíonn an comhleanúnachas idir an leibhéal polaitiúil agus an leibhéal teicniúil.

Tá misin bunaithe ar an bplean gníomhaíochta agus ullmhaítear iad i ndlúthchomhar leis an mBord Feidhmiúcháin agus leis na grúpaí gníomhaíochta, ina bhfuil páirtithe leasmhara éagsúla rannpháirteach.

b) Athruithe ar **chóras rialachais na Straitéise**. Le 10 mbliana anuas, tá forbairt mhór tagtha ar nósanna imeachta agus rialachas na Straitéise, agus tugtar forbhreathnú iomlán anois sa phlean gníomhaíochta athbhreithnithe ar na struchtúir atá i bhfeidhm. Cuimsítear leo sin na nithe seo a leanas:

Bord cheannairí an ghrúpa gníomhaíochta agus an **fhoireann trí Uachtaránacht**. Tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara, neartaíodh rialachas na Straitéise le himeacht ama freisin trí na comhlachtaí nua sin a chruthú. Tá ceannairí na ngrúpaí gníomhaíochta freagrach as tionscadail choincréiteacha a chur chun feidhme, agus éascaíonn an bord sineirgí agus comhar. Cinntíonn an fhoireann trí Uachtaránacht go mbeidh leanúnachas ann idir an uachtaránacht a bhí ann roimhe seo, an uachtaránacht atá ann faoi láthair agus an uachtaránacht a bheidh ann amach anseo.

Comhairle na nÓg Bunaíodh Comhairle na nÓg in 2021 agus tá sí rannpháirteach i ngach leibhéal rialachais. Cuireann sí leis an straitéis trí thionscadail agus cothaíonn sí naisc i measc daoine óga ar fud réigiúin na nAlp.

An **struchtúr tacaíochta teicniúla agus an rúnaíocht**. Athrú tábhachtach eile ar an rialachas ba ea an struchtúr tacaíochta teicniúla a bhunú lena rúnaíocht in 2023. Tá sé á mhaoiniú ag clár Spás na nAlp Interreg. Tacaíonn an rúnaíocht le comhlachtaí cinnteoireachta na Straitéise agus lena feidhmeoirí, na grúpaí gníomhaíochta.

4. COLÚIN BHEARTAIS THÉAMACHA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ FAOIN STRAITÉIS

Colúin bheartais théamacha agus cuspóirí téamacha

Cé nach bhfuil athrú ó bhonn tagtha ar dhúshláin an chomhair i réigiún na nAlp le blianta beaga anuas, tá an obair ullmhúcháin leagtha síos sa Straitéis chun freagairt don ghá práinneach atá ann dul in oiriúint do phróisis chlaochlaithe éagsúla trí dhíriú go soiléir ar ábhair shonracha agus trí thosaíocht a thabhairt dóibh. Leis an bplean gníomhaíochta athbhreithnithe, coinnítear an bhéim tosaigh ar na trí cholún beartais théamacha: fás eacnamaíoch agus nuálaíocht; soghluaisteacht agus nascacht; agus an comhshaol agus fuinneamh. Baineann gach colún le ceann de chuspóirí na Straitéise. Mar fhreagairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair i réigiún na nAlp agus ar na doiciméid straitéise is déanaí, tá naoi ngníomhaíocht sna colúin sin.

Déantar gach gníomhaíocht a mhiondealú i dtrí thopaic go seacht dtopaic, topaicí atá mar bhonn d'obair na ngrúpaí gníomhaíochta. Cé go bhfuil na gníomhaíochtaí féin comhsheasmhach leis an leagan den phlean gníomhaíochta a bhí ann roimhe seo, tá athrú tagtha ar fhoclaíocht agus ar fhócas gach ceann acu. Cothaíonn na grúpaí gníomhaíochta braistint láidir úinéireachta i measc na rannpháirtithe ar fud an réigiúin trí oibriú laistigh de líonra leathan agus tríd an gcomhar a ailíniú leis na haidhmeanna polaitiúla.

Fás eacnamaíoch agus nuálaíocht

Is é is aidhm don cholún sin den Straitéis geilleagar iomaíoch nuálach a thógáil i réigiún na nAlp, ar geilleagar é atá ciorclach agus aeráidneodrach araon. Tá sé sin rithábhachtach chun tacú le gníomhaíochtaí an duine agus chun cothromaíocht inbhuanaithe a choinneáil ar bun leis an gcomhshaol.

Díríonn na trí ghníomhaíocht faoin gcolún sin ar an méid seo a leanas:

1. **éiceachóras éifeachtach taighde agus nuálaíochta a neartú** trí thimpeallacht thacúil a chothú le haghaidh taighde agus nuálaíochta a spreagann fás, go háirithe in earnálacha amhail talmhaíocht sléibhe, foraoiseacht agus fuinneamh;
2. **acmhainneacht eacnamaíoch na n-earnálacha straitéiseacha a mhéadú** trí luach na bpríomhearnálacha a shainaithint agus leas a bhaint as agus tairbhí inláimhsithe a dhéanamh den taighde trí aistriú éifeachtach teicneolaíochta; agus
3. **feabhas a chur ar ábharthacht na mbeartas maidir leis an margadh saothair, an oideachais agus na hoiliúna d'earnálacha straitéiseacha** trína áirithiú go bhfuil margadh an tsaothair ailínithe le riachtanais ghnó, trí thábhacht an oideachais agus na hoiliúna a chur i dtábhacht, agus trí shoghluaisteacht agus comhar trasteorann an lucht saothair a fheabhsú chun dul chun cinn eacnamaíoch a spreagadh a thuilleadh.

Soghluaisteacht agus nascacht

Is é is aidhm don cholún sin réigiún na nAlp níos inrochtana agus níos idirnasctha a chruthú trí réitigh iompair agus soghluaisteachta inbhuanaithe a chur chun cinn agus trí leas iomlán a bhaint as an digitiú agus as teicneolaíochtaí nua.

Díríonn an dá ghníomhaíocht faoin gcolún sin ar an méid seo a leanas:

1. **idirmhódúlacht agus idir-inoibritheacht in iompar paisinéirí agus lastais a chur chun cinn** trí dhul i ngleic leis an ngá atá le córais iompair éifeachtúla agus inbhuanaithe ar leibhéil éagsúla chun iompar éifeachtúil daoine agus earraí araon a chumasú; agus
2. **daoine a nascadh go digiteach agus inrochtaineacht ar sheirbhísí poiblí a chur chun cinn** trí dhíriú ar bhorradh a chur faoin nascacht dhigiteach chun seirbhísí poiblí a dhéanamh níos inrochtana, agus ar an gcaoi sin comhtháthú socheacnamaíoch a fheabhsú agus an bealach a réiteach don fhás agus don fhorbairt réigiúnach.

An comhshaol agus fuinneamh

Faoin gcolún sin, is é an sprioc ardleibhéal comhcheangailteachta éiceolaíoch agus réigiún atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chruthú atá réidh le hoiriúnú do thionchair an athraithe aeráide agus iad a mhaolú.

Díríonn na ceithre ghníomhaíocht faoin gcolún sin ar an méid seo a leanas:

1. **luach na n-acmhainní nádúrtha agus cultúrtha a chaomhnú agus a ghabháil** tríd an gcothromaíocht chúramach idir caomhnú agus úsáid inbhuanaithe a chur i dtábhacht agus béim ar leith á leagan ar acmhainní ithreach agus uisce a athbhunú agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe;
2. **nascacht éiceolaíoch a fhorbairt ar fud réigiún na nAlp** trí sheirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais a chaomhnú, a fheabhsú agus a athbhunú, agus bonneagar gorm agus glas a chur chun cinn chun naisc shaoráideacha a chruthú ar fud na limistéar;
3. **feabhas a chur ar bhainistiú riosca agus bainistiú níos fearr a dhéanamh ar an athrú aeráide** trí na rioscaí a bhaineann le díghrádú comhshaoil agus leis an athrú aeráide a thuiscint agus a bhainistiú, agus comhar a spreagadh chun dul i ngleic le

tubaistí nádúrtha agus teagmhais adhaimsire, agus tosaíocht á tabhairt trí réitigh dhúlra bhunaithe; agus

4. **samhail d'éifeachtúlacht fuinnimh agus d'fhuinneamh in-athnuaite a dhéanamh de réigiún na nAlp** trí dhíriú ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar úsáid acmhainní in-athnuaite atá comhoiriúnach leis an timpeallacht Alpach, atá rithábhachtach chun éifeachtaí an athraithe aeráide a mhaolú.

Beidh iarmhairtí ag athruithe ar thimthriall an uisce de dheasca an athraithe aeráide, lena n-áirítear leá oighreach, ní hamháin ar réigiún na nAlp ach ar thíortha iartheachacha freisin. Tá bainistiú comhpháirteach dea-chomhordaithe ar aibhneacha trasnaithe teorann rithábhachtach do chosaint chomhtháite, feabhsú agus athbhunú acmhainní uisce agus a n-éiceachóras a áirithiú, agus tá sé rithábhachtach d'athléimneacht uisce agus do shlándáil uisce na hEorpa. Trí úsáid mhéadaithe a bhaint as réitigh dhúlra bhunaithe, is féidir rannchuidiú le timthriall an uisce a athbhunú agus leis an oiriúnú don athrú aeráide a fheabhsú, lena n-áirítear cosaint níos fearr ar thuilleadh agus ar ghanntanas uisce, agus ar an gcaoi sin athléimneacht an réigiúin ar fad a fheabhsú.

I dteannta a chéile, cothaítear leis na trí cholún cur chuige cothrom ní hamháin lena spreagtar forbairt eacnamaíoch agus nascacht níos fearr ach lena n-áirithítear freisin go gcosnaítear an comhshaol, rud a chothaíonn athléimneacht i réigiún na nAlp ionas gur féidir leis dul in oiriúint do dhúshlán dhomhanda agus go mbeidh rath air le linn na ndúshlán domhanda.

5. RIALACHAS AGUS CUR CHUN FEIDHME NA STRAITÉISE

Cuimsíonn creat rialachais na Straitéise comhlachtaí agus uirlisí éagsúla a stiúirann agus a díríonn a cuid gníomhaíochtaí. Leagtar amach a gcomhdhéanamh mionsonraithe agus a modh idirghníomhaíochta sa phlean gníomhaíochta agus ina rialacha nós imeachta faoi seach.

Tá rialachas na Straitéise ceaptha chun fothú acmhainneachta a éascú agus tá sé soiléir agus dírithe ar thorthaí, agus ar an gcaoi sin, cuirtear feabhas ar an gcomhar Alpach. Cinntíonn sé rannpháirtíocht ghníomhach páirtithe leasmhara náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, mar aon le hionadaithe ón earnáil eacnamaíoch, ón saol acadúil, ón tsochaí shibhialta agus ón bpobal i gcoitinne, go háirithe daoine óga. Ráthaítear leis go dtabharfar sainordú soiléir do phríomhfheidhmeoirí na Straitéise a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh. Áirithítear leis freisin cumarsáid shoiléir chuimsitheach ar gach leibhéal maidir le torthaí agus breisluach na Straitéise.

Le 10 mbliana anuas, tá forbairt tagtha ar an gcreat rialachais, rud a léiríonn tiomantas láidir na bpáirtithe leasmhara an Straitéis a chur chun feidhme. Cuireann sé sin i bhfios go láidir gur gá tuilleadh feabhais a chur ar an gcomhordú laistigh de na gníomhaíochtaí agus eatarthu agus an cheannaireacht pholaitiúil a chuirtear ar fáil do leibhéil chomhordúcháin na Straitéise a neartú a thuilleadh.

Comhlachtaí

An Comhthionól Ginearálta Is é an Comhthionól Ginearálta an comhlacht cinnteoireachta polaitiúla is airde sa Straitéis, lena leagtar síos tosaíochtaí agus spriocanna straitéiseacha. Tá

sé comhdhéanta d'ionadaithe polaitiúla ardleibhéil ó stáit agus réigiúin rannpháirteacha, mar aon le breathnóirí amhail Comhairle na nÓg, Coinbhinsiún ar chosaint na nAlp agus clár Spás na nAlp Interreg. Glacann an Coimisiún Eorpach páirt mar éascaitheoir agus mar chomhchathaoirleach, rud a chinntíonn ailíniú le reachtaíocht an Aontais ach gan cearta vótála. Formhuiníonn an Comhthionól Ginearálta pleananna gníomhaíochta, déanann sé faireachán ar dhul chun cinn an chur chun feidhme agus éascaíonn sé comhar trasréigiúnach.

An Uachtaránacht. Déantar uainíocht bliantúil ar an Uachtaránacht i measc na stát comhpháirtíochta. Tá ról ríthábhachtach aici maidir le cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe an Chomhthionóil Ghinearálta agus an Bhoird Feidhmiúcháin, maidir leis an gclár oibre bliantúil a fhorbairt agus maidir le cruinnithe aireachta earnáilsonracha a eagrú.

An Bord Feidhmiúcháin. Tá an Bord Feidhmiúcháin freagrach as an bplean gníomhaíochta a chur chun feidhme agus áirítear leis comhordaitheoirí náisiúnta agus ionadaithe ó na réigiúin agus ó na stáit rannpháirteacha. Fíoraíonn an Coimisiún Eorpach, i ról an éascaitheora agus an chomhchathaoirligh, comhlíonadh reachtaíocht an Aontais agus ailíniú le tosaíochtaí an Aontais. Déanann Comhairle na nÓg, Coinbhinsiún ar chosaint na nAlp agus comhlachtaí eile breathnóireacht ar a himeachtaí. Déanann an Bord maoirseacht ar ghrúpaí gníomhaíochta, comhordaíonn sé cruinnithe an Chomhthionóil Ghinearálta agus cuireann sé comhsheasmhacht chun cinn i gcur chun feidhme na Straitéise.

Na comhordaitheoirí náisiúnta. Tá ról ríthábhachtach ag comhordaitheoirí náisiúnta maidir le maoirseacht agus cúnamh a thabhairt maidir le dearadh agus cur chun feidhme na Straitéise agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a chur chun cinn. Is comhaltaí den Bhord Feidhmiúcháin iad agus bainistíonn siad toscaireachtaí náisiúnta. Is iad an príomhphointe teagmhála ar an leibhéal náisiúnta freisin, agus déanann siad comhordú ar an Straitéis ina dtír féin. Ceapann a rialtas nó a n-institiúid iad agus déanann siad ionadaíocht ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach.

Na grúpaí gníomhaíochta. Cuirtear de chúram ar ghrúpaí gníomhaíochta an Straitéis a fhorghníomhú ó lá go lá ar fud réimsí téamacha. Comhdhéanta de shaineolaithe agus de pháirtithe leasmhara, comhordaíonn grúpaí gníomhaíochta gníomhaíochtaí go cuimsitheach agus comhtháthaíonn siad iad ar fud na réigiúin. Forbraíonn siad tionscadail agus beartais a rannchuidíonn le cuspóirí na Straitéise. Éascaíonn ceannairí grúpa gníomhaíochta cumarsáid agus spreagann siad gníomhaíochtaí grúpa i gcomhréir lena bpleananna oibre faoi seach.

Mar a thuairiscítear i Roinn 3, comhlánaítear na comhlachtaí sin le struchtúir nua: an fhoireann trí Uachtaránacht, bord cheannairí na ngrúpaí gníomhaíochta, Comhairle na nÓg agus an struchtúr tacaíochta teicniúla agus rúnaíocht na straitéise.

An Straitéis a Chur Chun Feidhme

Tá cur chun feidhme ghníomhaíochtaí na Straitéise á threorú ag an bplean gníomhaíochta, a fheidhmíonn ar thrí leibhéal straitéiseacha: colúin bheartais théamacha agus cuspóirí téamacha, gníomhaíochtaí agus tionscadail. Feidhmíonn an plean gníomhaíochta mar chreat tagartha don Chomhthionól Ginearálta, don Bhord Feidhmiúcháin agus do ghrúpaí gníomhaíochta, rud a chuidíonn leo a bpleananna oibre a fhorbairt bunaithe ar na misin a d'fhormheas an Comhthionól Ginearálta.

Is cláir thríbhliantúla iad na **pleananna oibre** atá ceaptha chun torthaí coinchréiteacha a dhéanamh de na cuspóirí a luaitear sa phlean gníomhaíochta agus sna misin a d'fhormheas an Comhthionól Ginearálta. Áirithítear leo comhleanúnachas beartais idir an plean gníomhaíochta agus na tionscadail agus na tionscnaimh arna gcur chun feidhme ag grúpaí gníomhaíochta. Tá na pleananna oibre dírithe agus réalaoch agus léiríonn siad uailmhianta na Straitéise, lena n-ionchorpraítear treoraíocht ón gComhthionól Ginearálta agus ón mBord Feidhmiúcháin. Comhlánófar iad le huirlis na misean nua a ndearnadh cur síos uirthi níos luaithe sa teachtaireacht seo.

6. CONCLÚID

Léiríonn gach straitéis mhacrairéigiúnach comhthéacsanna uathúla geografacha, eacnamaíocha agus polaitiúla a réigiúin faoi seach agus cuirtear in oiriúint í do na láidreachtaí agus do na dúshláin shonracha atá roimh gach macrairéigiún. Mar thionscnaimh idir-rialtasacha, níl siad faoi cheangal ag aon riail *ex-ante* maidir le struchtúir chur chun feidhme ná eagrú tionscadail. Ina ionad sin, fásann gach straitéis agus téann sí in oiriúint de réir a chéile dá cúinsí féin.

Ó bhí 2015 ann, tá samhail shofaisticiúil rialachais forbartha ag Straitéis na nAlp ina bhfuil ionadaíocht leathan ó earnálacha éagsúla den tsochaí. Léirítear leis an nuashonrú cuimsitheach ar a córas rialachais sa phlean gníomhaíochta athbhreithnithe ról agus freagrachtaí na gcomhlachtaí agus na struchtúr nua, amhail an fhoireann trí Uachtaránacht, bord cheannairí na ngrúpaí gníomhaíochta, an Chomhairle na nÓg, an struchtúr tacaíochta teicniúla agus an rúnaíocht. Chuir na comhlachtaí nua sin, atá tagtha chun cinn le 10 mbliana anuas, feabhas mór ar fheidhmiú na Straitéise.

Roghnaigh údair Straitéis na nAlp gan aon athrú móra a dhéanamh ar a tosaíochtaí agus ar a cuspóirí. Ina ionad sin, roghnaigh siad leanúnachas, rud a léiríonn an comhaontú ginearálta i measc na gcomhpháirtithe straitéise go bhfuil na tosaíochtaí agus na cuspóirí a roghnaíodh 10 mbliana ó shin fós bailí agus ábhartha do réigiún na nAlp. Mar sin féin, tugadh isteach leis an Straitéis cur chuige nua atá miseanbhunaithe, agus é mar rún soiléir aige sineirgí a neartú, úinéireacht pholaitiúil agus freagracht pholaitiúil a mhéadú agus a próifíl fhoriomlán a ardú.

Ar an iomlán, leis na gnéithe nua sin, is féidir leis an straitéis tuilleadh tacaíochta a thabhairt do tharraingteacht, d'athléimneacht agus d'iomáiochas réigiún na nAlp agus iad a fhorbairt agus feabhas a chur ar cháilíocht saoil do na daoine atá ina gcónaí sa réigiún. Measann an Coimisiún go soláthraítear leis an bplean gníomhaíochta athbhreithnithe creat atá dírithe ar an todhchaí chun fás inbhuanaithe, iomaíochas, cosaint an chomhshaoil agus comhar feabhsaithe a chur chun cinn sa réigiún. Cuirfidh an plean gníomhaíochta athbhreithnithe ar a chumas do réigiún na nAlp aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin agus na deiseanna atá roimhe, ionas gur féidir leis leanúint de bheith ina eiseamláir don chomhar san Eoraip.